

RTÉ

# Tuarascáil Bhliantúil Léiriúcháin Neamhspleácha 2022





# CLÁR


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 2 |
| Athbhreithniú ar an mBliain: | |
| – Teilifís | 4 |
| – Raidió | 18 |
| Maoiniú Eile | 22 |
| Bearta Taca Eile | 23 |
| Rialachas Corparáide | 23 |
| Athbhreithniú ar Chúrsaí Airgeadais agus Coimisiúnaithe | 24 |
| Tuarascáil ó Chuntasóirí Neamhspleácha | 27 |
| Sceidil | 28 |

Ba bhliain thar a bheith neamhghnách a bhí sa bhliain 2022. Ba í seo an tríú bliain de phaindéim COVID- 19, le srianta suntasacha i bhfeidhm ar an bpobal i gcónaí. Chiallaigh ionradh na Rúise ar an Úcráin go raibh na leibhéil is airde boilscithe in Éirinn le 38 mbliana.

Chuir an cúlra seo brú mór ar na buiséid do na cláracha go léir mar gur bhain na costais, cumhacht, teas, solas, taisteal agus lóistín ina measc, leibhéil thar na bearta amach. Chiallaigh sé seo, anuas ar an líon mór léiriúcháin idirnáisiúnta a bhí ar siúl in Éirinn, tuilleadh boilscithe ó thaobh costais do chriúnna, d'eagarthóireacht agus do mhaisíocht speisialta.

In ainneoin na mbrúnna seo, d'fhill earnáil closamharc neamhspleách na hÉireann den chuid is mó ar acmhainneacht léiriúchán iomlán agus rinne RTÉ coimisiúnú ar fhormhór na gcláracha dúchasacha a léirigh an earnáil.

Áirítear ar bhuaicphointí, an tsraith faisnéise trí chuid, *Quinn Country*; cuireadh tús leis an réamhléiriú ar *Hidden Assets Sraith 2* agus ar léiriú Shraith 2 de *Kin 2*; leanadh ar aghaidh leis an tionscnamh drámaíochta Storyland (i gcomhpháirtíocht le Fís Éireann), lena raibh os cionn 200 iarratas i gceist, agus chuaigh trí thionscadal amach le linn an fhómhair; craoltaí speisialta ar nós *Hospital Live*; agus an dara séasúr de *URC Beo* i gcomhar le TG4.

Tá sé de dhualgas ar RTÉ faoin *Acht Craolacháin 2009* íosmhéid réamhshocraithe a chaitheamh gach bliain ar chláracha teilifíse agus raidió a léirítear go neamhspleách. Déantar an tsuim seo a lóisteáil i gcuntas bainc ar leith, cuntas na gCláracha Neamhspleácha. Is cuid d'oibleagáid RTÉ é faoin Acht Craolacháin tuarascáil a eisiúint maidir leis an gcuntas sin. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar an gcaoi ar úsáideadh an maoiniú a bhí sa chuntas in 2022.

€41.0m (2021: €39.8m) an méid a bhí ar RTÉ a chaitheamh de réir na reachtaíochta in 2022. In 2022, d'íoc RTÉ an méid iomlán isteach i gcuntas na gCláracha Neamhspleácha de réir an *Achta Craolacháin 2009*. Tugann Sceideal 1 míniú ar an riachtanas seo. Ba €43.6m an caiteachas iomlán don bhliain a bhí €2.6m os cionn an cheanglais reachtúil.

Déanann rannán Ábhar RTÉ bainistiú ó thaobh airgeadais agus conartha ar chúrsaí léiriúcháin i dtaca le cláracha a bhíonn coimisiúnaithe don teilifís agus don raidió.



## Ar na léiriúcháin neamhspleácha sa bhliain 2022, bhí an chuid is fearr de dhrámaíocht bhunaidh na hÉireann, cuimhní iontacha ó thaobh spóirt, cláracha faisnéise a bhí go mór i mbéal an phobail agus cláracha fíorasacha láidre agus iad go léir ag insint scéalta ar leith a bhain le hÉirinn. Bhíodar seo, mar aon le cláracha ealaíne, cláracha den chéad scoth a bhain le stair an dúlra, agus ábhar bhunaidh de chuid na tíre seo, dírithe ar an lucht féachana atá níos óige mar chroílár ábhar RTÉ mar charoltóir seribhíse poiblí na hÉireann.

**RTÉ One**

Is é RTÉ One an cainéal is mó a bhfuil tóir air in Éirinn, le lucht féachana buaic-ama 24.2% atá i bhfad níos airde ná aon chainéal eile atá ar fáil sa tír. Is é an cainéal is mó é a bhfuil Nuacht agus Cúrsaí Reatha le fáil air, agus is é an cainéal a thugann muintir na tíre le chéile freisin le sult a bhaint as siamsaíocht, drámaíocht agus greann beo.

Tá drámaí a léirítear ar bhonn réigiúnach ina ngné de chláracha RTÉ One le blianta beaga anuas agus sa bhfómhar taispeánadh *North Sea Connection* (Mopar Media/Subotica), scéinséir sé chuid a ndearnadh scannánaíocht air le tionscal na hiascaireachta i gCloch na Rón ar chósta Chonamara mar chúlra aige. Mar aon le gach ábhar drámaíochta ardleibhéil, rinne raon comhpháirtithe cómhaoiniú air seo, lena n-áirítear, Fís Éireann, an faoiseamh cánach faoi Alt 481, Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI), an tArdán Lochlannach Viaplay agus an dáileoir idirnáisiúnta A+E International. Díoladh an tsraith leis an BBC ina dhiaidh sin.

D'fhill cláracha móra siamsaíochta, lena n-áirítear, *Dancing with the Stars*, *Ireland's Fittest Family*, *Ultimate Hell Week*, *The Professionals* agus *The Tommy Tiernan Show* ar an scáileán arís. Seoladh feachtas forbartha sa bhliain 2022 freisin chun glúin nua d'fhormáidí úrnua as Éirinn aimsiú, agus ba chóir go mbeadh torthaí an fheachtais le feiceáil sna blianta 2023 agus 2024.

Leanann cláracha faisnéise de phobal na hÉireann a chur faoi gheasa agus de lucht féachana a mhealladh. Mheall *Quinn Country*, sraith shuntasach trí chuid seo ina ndearnadh cur síos ar rath agus ar mheath impireacht ghnó Sean Quinn, lucht féachana ollmhór ar RTÉ

Sa bhliain 2022, chraol RTÉ *North Sea Connection*, chomh maith le dhul i mbun léirithe ar Shraith 2 de *Kin*, a bhfuil an-tóir air (Bron Releasing UK) agus i mbun réamhléirithe ar an dara sraith de *Hidden Assets* (Saffron Moon).



North Sea Connection



Kin



Hidden Assets

One agus ar an RTÉ Player araon. Áiríodh ar chláracha suntasacha staire, *Cold Case Collins* agus *Beyond the Bullets: Real Life During the Civil War*. Rinneadh comóradh ar chéad bliain ó foilsíodh úrscéal cáiliúil James Joyce, *100 Years of Ulysses*. Clár faisnéise fada a bhí in *Mícheál Ó Súilleabháin: Between Worlds*, inar scrúdaíodh oidhreacht duine de na ceoltóirí agus cumadóirí is mó le rá sa tír, agus insíodh scéal Iarthar na hÉireann trína chultúr saibhir sa chlár *Tommy Tiernan's Epic West*.

Fiosraíodh an stair agus na scéalta a bhaineann le roinnt de na droichid is mó a bhfuil eolas againn orthu sa tír sa chlár *Droichid na hÉireann*. Rinneadh ceiliúradh sa tsraith *Faoi Bhláth* ar bhithéagsúlacht na hÉireann agus is comhléiriúchán dhá chlár é *Le Chéile* i gcomhar le BBC Thuaisceart Éireann, ina leantar peiríocha an tsaoil maidir le club nua CLG a bhunú i gceantar láidir Aontachtach. Féachadh in *Tackling the All Blacks* ar thuras stairiúil agus ceannródaíoch fhoireann Rugbaí na hÉireann a fuair an ceann is fearr ar fhoireann chumhachtach na Nua-Shéalainne ar a bhfód dúchais.

### Drámaíocht

Sa bhliain 2022, chraol RTÉ *North Sea Connection*, chomh maith le dhul i mbun léirithe ar Shraith 2 de *Kin*, a bhfuil an-tóir air (Bron Releasing UK) agus i mbun réamhléirithe ar an dara sraith de *Hidden Assets* (Saffron Moon) – agus beidh an dá shraith sin ullamh don lucht féachana sa bhliain 2023. Seoladh *North Sea Connection*, a léirigh Tristan Orpen-Lynch do Subotica agus William Diskay ó Mopar Media i mí Mheán Fómhair. Tá an tsraith sé chlár seo bunaithe ar theaghlach Kenny, a bhíonn ag iascaireacht ar chósta thiar na hÉireann agus a tharraingítear isteach i dtrádáil idirnáisiúnta drugaí. Ba iad Sinéad Cusack, Kerr Logan, Lynn Rafferty, Lydia McGuinness agus Stuart Graham príomhaisteoirí na sraithe chomh maith leis na haisteoirí Sualannacha, Alida Morberg agus Claes Ljungmark. Is iad Paul Murphy agus Hannah Quinn a bhí i mbun stiúrtha ar *North Sea Connection*.

Ag eascairt as an rath a bhí ar an gcéad sraith, rinneadh scannánaíocht in Éirinn agus sa Spáinn i samhradh agus i bhfómhar 2022 ar an dara sraith de *Kin* le Peter McKenna. Tá iarléiriú á dhéanamh ar na heipeasóidí seo faoi láthair. Beidh ar na haisteoirí mór le rá, Clare Dunne, Charlie Cox, Emmet J. Scanlon, Aidan Gillen, Maria Doyle Kennedy agus Sam Keeley, aghaidh a thabhairt ar chéilí comhraic nua ina dteaghlach agus ina bpobal féin agus thar lear chomh maith. Tá Felix Thompson, Kate Dolan, Christine Molloy agus Joe Lawlor i measc stiúrthóirí nua *Kin*.

Rinneadh an dara sraith de *Hidden Assets*, an scéinséir coireachta idirnáisiúnta, a fhorbairt ó tharla gur éirigh go maith leis an gcéad sraith agus táthar i mbun réamhléirithe ar shraith 2. Is i Luimneach agus in Antuairp a rinneadh an scannánú ar *Hidden Assets* agus is iad Siobhán Bourke agus Kathryn Lennon ó Saffron Moon a bhí i mbun léirithe leis na comhpháirtithe infheistíochta Acorn, Fís Éireann, Screen Flanders, Streamz agus Mediafonds sa Bheilg agus Facet 4 i gCeanada agus is é DCD Rights an comhpháirtí dáilte idirnáisiúnta. Is iad Peter McKenna, Sinead Collopy, Susan Connolly, Marty Fox agus Mary Thornton a scríobh Sraith 2, le Thaddeus O Sullivan ina phríomhstiúrthóir arís eile.

Thug foireann aisteoirí *Hidden Assets* le chéile tallann eiseamláireach de chuid na hÉireann i scéinséir casta síceolaíoch a scríobh Peter McKenna agus Morna Regan. Bhí na príomhpháirteanna sa tsraith ag Angeline Ball, Simone Kirby, Peter Coonan, Aaron Monaghan agus Cathy Belton, chomh maith leis na haisteoirí Beilgeacha Wouter Hendrickx agus Gilles De Schryver agus na haisteoirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu Charlie Carrick agus Michael Ironside. Díoladh *Hidden Assets* leis an BBC agus leis an SBS, craoltóir poiblí na hAstráile. Tá formhór na scripteanna á scríobh ag Mary Fox agus Marty Thornton, nó tá siad i mbun maoirseachta orthu, agus bhain an bheirt cáil amach ar *Storyland* RTÉ sa bhliain 2017.

### Siamsaíocht, Greann agus Ceol

Chiallaigh sraitheanna siamsaíochta agus tallann nua ceoil ar an aer chomh maith le cuid de na cláracha a mbíonn tóir orthu a bheith ag filleadh, go raibh RTÉ fós ar cheann de na coimisinéirí móra mar a bhain sé le coimisiúnú a dhéanamh ar chláracha siamsaíochta príomh-ama ó léiritheoirí neamhspleácha.

Sa bhliain 2022, d'fhill dhá sheó a bhfuil an-tóir orthu, *Ireland's Fittest Family* (Animo TV Productions) agus *Dancing with the Stars* (Shinawil) ar RTÉ One. Chuir a bhfuil sa tír a gcuid bróga damhsa orthu i mí Eanáir don chúigiú sraith den chlár siamsaíochta ollmhór seo agus daoine ar bís le dul ag damhsa le fáil réidh le gruaim an gheimhridh. Bhí moltóir nua, Arthur Gourounlian, i gcomhluadar Jennifer Zamparelli agus Nicky Byrne chun na hiomaitheoirí, lena n-áirítear, Billy McGuinness, Erica-Cody agus Gráinne Seoige a thástáil, ach is í Nina Carberry a sciob trófaí na liathróide gealra léi.


Dancing with the Stars

Níos deireanaí sa bhliain, bhabhtáil Nina an mhearchéim le hobair a bhí níos déine agus í ina cóitseálaí ar *Ireland's Fittest Family*. Bhí go leor imeachtaí, teaghlaigh spreagúla ó gach cearn den tír, cóitseálaithe tiomanta bainteach leis an tsraith, a thugann tacaíocht agus spreagadh do na hiomaitheoirí. Ag cruthú arís nach féidir ábhar na hÉireann a shárú, thug an naoú sraith den chlár, ar thacaigh RTÉ ar dtús leis in 2014, teaghlaigh le chéile, agus gach cuma ar an scéal go bhfuil an-tóir go deo ag teaghlaigh ar an bhformáid siamsaíochta atá déanta in Éirinn.

Ag cur leis an tsamhail seo, seoladh feachtas forbartha nua sa bhliain 2022 ar fud earnáil na léiriúchán neamhspleách chun glúin nua d'ábhar bunaidh dúchasach a aimsiú le craoladh in éineacht leis na formáidí atá ann cheana féin. Bhí coimisiúin agus cláracha píolótacha nua mar thoradh ar an obair chrua a mhair roinnt míonna, agus déanfar iad a fhógairt in am trátha. Beidh siad le feiceáil ar an scáileán i ndeireadh na bliana 2023 agus 2024.


The Full Irish Hidden Camera Show

Rinneadh ceann de na chéad chláracha sin a tháinig chun cinn a chraoladh den chéad uair faoi Nollaig tráth ar chuir Adare Productions seó siamsaíochta nua ar fáil a thug ár n-ardáin craolacháin le chéile, agus bhí láithreoirí sheó bricfeasta 2FM le feiceáil anois ar an scáileán. Clár nua as an bpíosa 30 nóiméad a bhí sa *The Full Irish Hidden Camera Show*, arna chur i láthair ag Doireann Garrihy, Donncha O'Callaghan agus Carl Mullan, a tharraing gnéithe den ghreann agus den imirt cleas traidisiúnta le chéile chun ábhar nua agus comhaimseartha a léiriú. Thaitin an clár go mór leis an lucht féachana.

Bhí an *Tommy Tiernan Show* (Power Pictures), a bhfuil gradaim buaite aige, ar ais arís ar an scáileán, agus baineadh leas as na srianta Covid a bhí i bhfeidhm ar fud na tíre ar mhaithe le cur le dlúithe agus le déine na gcomhráite a bhíonn oscailte i gcónaí a dhéanann seó ar leith de seo nach mbíonn an lucht féachana ag iarraidh a chailleadh. Chuidigh aíonna ar nós Joanne McNally, Steve Coogan, Gabriel Byrne agus Roger Daltrey leis an rath atá ar an seó seo, arb é an tsraith seo an tsraith ba rathúla go dtí seo. D'fhill *Home Advantage* (Loosehorse) don dara sraith, tráth na gceist le hacmhainn grinn arna chur i láthair arís eile ag Jennifer Zamparelli.

Bhí coimisiúin agus cláracha píolótacha nua mar thoradh ar an obair chrua a mhair roinnt míonna, agus déanfar iad a fhógairt in am trátha. Beidh siad le feiceáil ar an scáileán i ndeireadh na bliana 2023 agus 2024.


The Tommy Tiernan Show

Rinne Oliver Callan athbhreithniú aorach ar an mbliain i gcomhar le Greann RTÉ ar *Callan Kicks the Year 2022*. Thug Oliver Callan na carachtair is mó a mbíonn tóir orthu ó shaol na polaitíochta, na siamsaíochta agus ón saol poiblí chun an scáileáin sa tsraith a bhí coimisiúnaithe ag Wonky Chair Media.

Tar éis tréimhse forbartha, rinne RTÉ coimisiúnú ar *Sisters*, dráma grinn sé chuid faoi stiúir Declan Lowney a bhfuil ainmniúchán do Ghradam Emmy faighte, agus a bhfuil na haisteoirí Susan Stanley agus Sara Goldberg, atá ainmnithe do Dhuais Emmy freisin, sna phríomhpháirteanna. Is comhléiriú í an tsraith idir Peer Pressure in Éirinn agus Shaftesbury i gCeanada, agus craolfar í ar RTÉ agus ar AMC i Meiriceá sa bhliain 2023.

Idir an dá linn, thug *The Ultimate Irish Playlist* (Shinawil) ardáin chraolacháin RTÉ le chéile, nuair a d'iarr 2FM ar mhuintir na tíre 20 de na hamhráin Éireannacha is mó a bhfuil tóir acu orthu a roghnú agus cuireadh na torthaí in iúl don phobal ar chlár speisialta dhá uair an chloig ar RTÉ One. Ní hamháin gur tugadh ardán sa chlár do go leor de na sean-amhránaithe ach tugadh léirmhínithe nuálacha freisin ó amhránaithe ceannródaíocha Éireannacha, lena n-áirítear, Shobsy agus Ruth Anne Cunningham. Le cláracha amhail *Fleadh Cheoil* (Red Shoe

Productions), *RTÉ Choice Music Prize* (Southpaw Productions) agus *St Patrick's Festival Parade 2022* (Coco Content), bhí Siamsaíocht RTÉ ábalta ceol, daoine cumasacha, cruthaitheacht, taibhléirithe agus cultúr na hÉireann a choinneáil os comhair an lucht féachana ar fud gach ardán.

**Cláracha Gaeilge**

Sa bhliain 2022, cuireadh le léiriúcháin in-tí Chláracha Gaeilge RTÉ le rogha uaillmhianach de shraitheanna nua a coimisiúnaíodh ón earnáil neamhspleách, le tacaíocht ó Chiste Fuaim agus Fís an BAI agus ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann (ILBF).

Chuir *Droichid na hÉireann* (New Departures Media) tús leis an mbliain ar RTÉ One. An t-aisteoir Lochlann Ó Mearáin a chuir an tsraith i láthair inar scrúdaíodh stair, ailtireacht, tírdhreach agus, thar aon ní eile, na daoine atá taobh thiar de roinnt de na droichid is fearr aithne in Éirinn.

Craoladh *Faoi Bhláth* (Abú Media), sraith ina ndearnadh ceiliúradh ar bhithéagsúlacht na hÉireann, ar RTÉ 1 i mí Feabhra. Le linn 13 chlár, chuaigh an láithreoir Aedín Ní Thiarnaigh trí pháirceanna, lochanna, portaigh agus sléibhte na hÉireann chun an réimse saibhir de bhláthanna fiáine atá againn a nochtadh agus foghlaim faoin mbéaloideas a bhaineann leo agus faoin gcineál úsáide a bhaintear astu i gcúrsaí cócaireachta, leighis agus ceardaíochta.

Rinne RTÉ ceiliúradh i mí Aibreáin ar 50 bliain ar an bhfód Raidió na Gaeltachta trí cheolchoirm mhór a craoladh ó chroílár na Gaeltachta. Thug *RTÉ Raidió na Gaeltachta 50* Ceolfhoireann Choirme RTÉ chomh fada le Conamara don chlár seo, a léirigh Aniar TV agus a fuair tacaíocht ón BAI, chun an t-ardán a roinnt le scoth na gceoltóirí ó na ceantair Ghaeltachta éagsúla. Misneach, féiniúlacht agus mórtas áite príomhthéamaí na ceolchoirme den scoth seo agus b'iad Neansaí Ní Choisdealbha, Michelle Nic Grianna agus Sláine Ní Chathalláin ó Raidió na Gaeltachta a chuir an ócáid i láthair.

I mí na Bealtaine 2020, chuir CLG Oirthear Bhéal Feirste tvuít amach ag tabhairt cuireadh do dhaoine ó gach cúlra agus cumas a bheith páirteach ina gclub nua. D'fhreagair os cionn 2,000 duine, agus bhí 400 imreoir cláraithe faoin am ar thosaigh an chéad seisiún traenála. Comhléiriúchán ina dhá chuid le BBC NI é *Le Chéile* (Macha Media) atá maoinithe ag an ILBF, a lean cumann nua-bhunaithe CLG i gceantar traidisiúnta aontachtach in Oirthear Bhéal Feirste agus iad thuas seal thíos seal. Craoladh an tsraith ar RTÉ i mí Aibreáin.

Sraith stíl mhaireachtála sé chuid, a fuair tacaíocht ón ILBF, ab ea *Bog Amach* (Strident Media) a bhí á cur i láthair ag Tessa Fleming agus a craoladh ar RTÉ i mí an Mheithimh. Leanadh sé theaghlach sa tsraith seo agus iad ag tabhairt cúl do shaol na cathrach ar mhaithe le saol nua a chaitheamh i gceantar faoin tuath in Éirinn. Chuaigh na teaghlaigh ag féachaint ar thithe atá le díol i gceantair áille ó Dhún na nGall go Gaillimh go Ciarraí Theas.

Clár faisnéise aonuaire ab ea *The Man with the Moving House* (Bang Bang Teoranta) a craoladh ar RTÉ One i mí Lúnasa, ina ndearnadh cur síos ar scéal Dáiví agus Góiliat Bhreanndáin Uí Beaglaíoch agus faoin gcaoi ar chaith sé 14 bliana ag streachailt leis na húdaráis phleanála ar mhaithe le cead a fháil teach a thógáil ar a thalamh féin. Tugadh léargas sa chlár freisin, arbh é an clár faisnéise ba mhó a raibh lucht féachana aige sa samhradh ag an am sin, ar an tionchar níos leithne a bhíonn ag rialacha pleanála ar phobail tuaithe na Gaeltachta. Fuair an tionscadal seo tacaíocht ón BAI.

Bhí Siamsaíocht RTÉ ábalta ceol, daoine cumasacha, cruthaitheacht, taibhléirithe agus cultúr na hÉireann a choinneáil os comhair an lucht féachana ar fud gach ardán.



Faoi Bhláth



RTÉ Raidió na Gaeltachta 50



The Man with the Moving House

Bhí an tsraith thréidliachta a bhfuil tóir air *Saol an Tréidlia* (Strident Media) ar ais ar RTÉ One sa bhfómhair, don dara sraith ceithre chuid. An uair seo, bhí John, tréidlia cleachtas measctha as Conamara, i dteannta an tréidlia cathrach, Emma agus an tréidlia capall, Liam, agus tugadh léargas don lucht féachana ar gach a bhíonn ag tarlú i gcleachtas tréidliachta nua-aimseartha, ó obráidí ar ainmhithe beaga go déileáil le fadhbanna ainmhithe móra ar Oileáin Árann agus ag ullmhú capall folaíochta don díolachán idirnáisiúnta ag Goffs.

Clár faisnéise uair an chloig ab ea *The Life of Seán/Saol Sheáin* (Tyrone Productions) a craoladh ar RTÉ One i mí na Nollag, ina scrúdaítear saol seisear fear atá os cionn seasca bliain d'aois, a bhfuil an t-ainm céanna orthu ar fad: Seán. Ba é an smaoineamh a bhí taobh thiar den chlár, scéal ghlúin d'fhir Éireannacha a insint trí chead a thabhairt do gach Seán acu a scéal féin a insint agus machnamh a dhéanamh ar an saol, ar ghrá agus ar chailliúint agus ar athruithe, bídís maith nó olc, a bhí feicthe ag gach duine acu le linn a saoil.



The Life of Seán/Saol Sheáin

Le linn na bliana 2022, chuathas ar ais i mbun léirithe ar dhá thionscadal ar cuireadh moill orthu mar gheall ar phaindéim Covid. Táimid ag tnúth go mór le *Réaltaí na Gaeltachta* (Big Mountain Productions), a fuair tacaíocht ón BAI, a fheiceáil ar an scáileán go luath sa bhliain 2023. Sraith shiamsaíochta a bhfuil daoine cáiliúla páirteach inti í seo atá lonnaithe i nGaeltacht Dhún na nGall. Beidh *Banríon Sitges* (Léirithe Rúnda) á léiriú arís freisin, clár faoi Mary Waugh Lamb, bean Éireannach, a bhfuil a saol tugtha aici d'oideachas a chur ar leanaí atá faoi mhíchumas. Beidh an clár faisnéise aon uaire seo á chraoladh ar RTÉ One go luath sa bhliain 2023.



Réaltaí na Gaeltachta

Chuaigh roinnt sraitheanna agus cláracha aonair Gaeilge a fuair tacaíocht ó RTÉ i mbun léirithe sa bhliain 2022 agus craolfar na cláracha sin ar RTÉ One sa bhliain 2023 agus 2024. Sraith sé chuid, a fuair tacaíocht ón ILBF, atá i gceist le *Madraí* (Big Mountain Productions) ina gcuidíonn an tréidlia, Ellen Hegarty agus Paula Doohan, atá in ann na madraí a mhealladh, le teaghlaigh a bhfuil fadhbanna acu lena gcuid madraí.

Chuaigh roinnt sraitheanna agus cláracha aonair Gaeilge a fuair tacaíocht ó RTÉ i mbun léirithe sa bhliain 2022 agus craolfar na cláracha sin ar RTÉ One sa bhliain 2023 agus 2024.

Is sraith nua bhreathnaitheach sé chuid atá i gceist le *Saol na Feirme* (Strident Media) a leanann feirmeoirí ó gach cearn den tír ar fud ceithre shéasúr agus iad ag déileáil le haimsir nach féidir a thuar, le margaí atá ag athrú agus le praghsanna tráchtearraí atá luaineach, le linn dóibh a bheith ag iarraidh cothromaíocht a bhaint amach idir an saol oibre agus saol an teaghlaigh.

Clár faisnéise aon uaire atá i gceist le *Ré Réabhlóide* (Imagine Media) a coimisiúnaíodh chun ceiliúradh a dhéanamh ar chéad bliain ó tharla Chogadh na gCarad ina bhfiosróidh Gráinne McElwain, tráchtaire CLG, tionchar an chogaidh ar an bpobal CLG ar fud na hÉireann.

Seó nua ceoil bunaithe ar thaibhiú is ea *Seisiún* (Sugartown Films) a thabharfaidh an lucht féachana isteach i roinnt de na hionaid cheoil is mó a bhfuil aithne orthu – ó McGrory i nDún na nGall go Connolly's of Leap i gCorcaigh – chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcuid is fearr den cheol áitiúil ó cheoltóirí seanbhunaithe go ceoltóirí atá ag cur tús lena ngairm.

Sraith ceithre chuid dhátheangach is ea *Pass It On* (Mind the Gap Films) a leanfaidh saol roinnt imreoirí sacair mná le linn Shraith Náisiúnta na mBan ar feadh shéasúr na bliana 2023. Craolfar an tsraith ar RTÉ i dtús na bliana 2024.

Chomh maith le hábhar a choimisiúnú do RTÉ, déanann Cláracha Gaeilge RTÉ coimisiúnú ar ábhar do TG4 mar chuid den chomhaontú soláthair ábhair atá idir na craoltóirí. Áirítear anseo, ábhar siamsaíochta agus roinnt clúdach ó thaobh spóirt, ar nós clúdach IRIS Productions de *URC Live/Rugbaí Beo* lena chraoladh ar TG4.



URC Live

## Fíorasach

### Cláracha agus Sraitheanna Faisnéise

Chuir sraitheanna agus cláracha faisnéise fíorasacha os cionn 70 uair an chloig de chláracha buaic-ama ar fáil ar RTÉ One in 2022.

Cuireadh tús leis an mbliain le filleadh péire de na cláracha is ansa linn: *Operation Transformation* agus *Room to Improve*. Craoladh an cúigiú séasúr déag de *Operation Transformation*, faoi stiúir Vision Independent Productions, sraith a bhfuil forbairt á déanamh go leanúnach ar a formáid ó bheith dírithe ar chailleadh meáchain go dtí clár atá dírithe ar an tsláinte iomlánaíoch chun spreagadh a thabhairt do mhuintir na tíre tús folláin a chur le mí Eanáir. Idir an dá linn, lean príomhshraith Coco Content, *Room to Improve* ag tarraingt an chineáil lucht féachana agus ag cruthú an ábhair cainte atá ina sprioc ag gach sraith le linn bhuaic-am féachana oíche Dé Domhnaigh. Chomh maith leis sin, i dtús na bliana, chruthaigh an *Great House Revival* (Animo TV Productions) nach bhfuil aon mhaolú ar an tóir atá ar an lucht féachana ar ábhar ina ndéantar athchóiriú ar thithe na móruaisle. Clár eile a bhfuil an-tóir ag lucht féachana RTÉ One air agus a d'fhill ar an scáileán ab ea *The Way We Were* (Waka TV), agus cruthú ab ea an clár sin go bhfuil spéis i gcónaí ag lucht féachana RTÉ One ar chláracha atá déanta go maith agus a thugann siar ar bhóithrín na smaointe iad.

*DIY SOS: The Big Build Ireland* (JMACTWO Productions) a chuir tús le séasúr gnóthach an earraigh. Tá lucht féachana mór ag an tsraith seo, ina bhfuil meascán de dhráma, siamsaíocht agus scéalta a bhrisfeadh do chroí maidir le cineáltas an duine. Bhí Baz Ashmawy le feiceáil in éineacht lena mháthair, Nancy, a bhfuil an-tóir ag an bpobal uirthi agus aghaidh á thabhairt acu ar a mbás féin i *Baz and Nancy's Last Orders* (Mahy Media). Bhí téama an bháis le feiceáil arís i *Charlie Bird: Loud and Clear* (John Kelleher Media), inar ndearnadh taifeadadh ar thuras Charlie Bird ó fuair sé a dhiagnóis le MND gur chuir sé tús le feachtas bailithe airgid ar éirí go maith leis agus Cruach Phádraig á dhreapadh aige.

Craoladh an clár faisnéise *Young Plato* (Soilsiu Films) a bhfuil duaiseanna buaite aige ag tús an tsamhraidh, agus ina dhiaidh bhí deartháireacha Brennan a bhfuil an-tóir ag an lucht féachana orthu ar ais ar an scáileán le leagan leathnaithe de *At Your Service* (Waddell Media). Chiallaigh an tsraith – ar cuireadh moill uirthi cúpla uair mar gheall ar COVID - 19 – go raibh na hóstlannaithe ar ais agus go raibh an saol ag dul ar ais ar deireadh ar an gcaoi a mbíodh sé cheana ó thaobh thionscal an fháilteachais sa bhliain 2022. Chuir COVID- 19 isteach freisin ar thionscadal óstáin nua an Dr Eva Orsmonde sa Phortaingéil. Bhí ar chumas an lucht féachana na céimeanna deiridh dá fiontar gnó nua a leanúint sa dara sraith de *Dr Eva's Great Escape* (Tyrone Productions): cur síos oscailte ar ghnó nua a sheoladh le linn ama lenar bhain géarchéim phearsanta.

Ar cheann de shraitheanna ba shásúla sa bhfómhar bhí Foster and Allen, le Dearg Films, agus iad i gcomhluadar líon mór amhránaithe agus ceoltóirí atá ag teacht chun cinn in *Foster & Allen: Lost in Music*. Ba dheas an t-athrú a bhí sa tsraith ghearr seo, a bhí á cómhaoiniú ag an BAI, le linn oícheanta an fhómhair a bhí ag fáil níos faide. Sraith eile ó JMACTWO Productions ar éirigh go maith léi ab ea *Build Your Own Home*, inar cuireadh Harrison Gardner in aithne do lucht féachana na tíre agus inar thug sé treoir de réir a chéile do dhaoine a bhí ag tógáil a gcuid tithe cónaithe féin agus gan acu ach buiséid fhíorbheaga, cé go raibh huaillmhianta móra acu, tríd an bpróiseas casta achrannach a bhaineann le do theach féin a thógáil. Sa chlár faisnéise aonair *The Tuskar Rock Tragedy* (Animo TV Productions), tugadh chun cuimhne na daoine a maraíodh sa tubaiste aeir is mó a bhí sa tír seo riamh.

Agus an bhliain ag teacht chun deiridh, craoladh an tsraith ba mhó a raibh tionchair aici ar an scáileán den chéad uair. Rinneadh cur síos in *Quinn Country* (Holly Island Films), a léiríodh thar ceithre bliana, ar bhorradh agus ar mheath impireacht ghnó Sean Quinn. Níl aon amhras ann ach gur ceann de na buaicphointí teilifíse a bhí sa tsraith seo agus bhí sí ar cheann de na sraitheanna is mó a bhí i mbéal an phobail i rith na bliana.



Room to Improve

Chuir sraitheanna agus cláracha faisnéise fíorasacha os cionn 70 uair an chloig de chláracha buaic-ama ar fáil ar RTÉ One in 2022.



Charlie Bird: Loud and Clear



Foster & Allen: Lost in Music

Ar deireadh, le linn shéasúr na Nollag, chuir JMACTWO Productions sraith ollmhór dhá chuid inár láthair de *DIY SOS: The Bigger Build Ireland* inar chuir foireann tógálaithe agus oibrithe deonacha athrú ó bhonn ar sé theach do dhídeanaithe ón Úcráin laistigh de choicís i mBaile an Mhistéalaigh i gCorcaigh. Leis an mbliain a thabhairt chun críche, rinneamar ceiliúradh ar chéad turas buacach na hÉireann ar an Nua Shéalainn in *Tackling the All Blacks* (Videos on The Net).

**Cláracha Fíorasacha Móréilimh agus Cláracha Fíorasacha Siamsaíochta**
Leanadh leis an rathúlacht sa bhliain 2022 maidir le formáidí seanbhunaithe agus formáidí nua-fhorbartha araon ar RTÉ One, ar fud réimse d'ábhar cláracha, lena n-áirítear, faisean, sláinte, airgead pearsanta, maoin, garraíodóireacht agus fiadhúlra.

Tharraing *Ultimate Hell Week: The Professionals* (JMACTWO Productions) lucht féachana mór trí mheascán de rannpháirtithe den scoth agus dúshláin mhillteanacha á gcur ar na daoine a bhí páirteach agus d'éirigh thar barr leis ó thaobh lucht féachana níos óige a mhealladh chuig an gcainéal. San fhormáid nua *The Price of Everything* (indiepics) tugadh an láithreoir nua cumasach Santis O'Garro agus Conor Pope le chéile le dul i ngleic le géarchéim an chostais maireachtála agus iad ag tabhairt leideanna chun airgead a shábháil agus comhairle do thomhaltóirí.  Lean *Cheap Irish Homes* (Cameo Productions) ag tarraingt lucht féachana ard, agus é ag tabhairt spreagadh dóibh siúd atá ag iarraidh cos a chur ar an dréimire tithíochta ar fud na tíre. Chuidigh Suzanne Jackson, sa tríú sraith de *The Style Counsellors* (indiepics), le seisear ban le hathrú ó bhonn a chur orthu féin trí fhaisean agus nuamhaisiú, agus bhí an méid sin tuilte go maith acu.

In *Keys to My Life* (Waka TV), thug Brendan Courtney ochtar a bhfuil cáil mhór orthu siar ar bhóithrín na smaointe chuig na háiteanna inar múnlaíodh a saol. Chuthaigh an lucht féachana mór a tharraing an tsraith arís go bhfuil an-tóir i gcónaí ar an seó seo. D'éirigh thar barr arís leis an gcéad séasúr eile de *Home of the Year* (Shinawil) agus bhí láithreoir nua Sara Cosgrove, i gcomhluadar Hugh agus Amanda an uair seo. Thug na moltóirí an lucht féachana isteach i roinnt de na tithe is breátha sa tír, agus iad dírithe ar dhearadh, ar inbhuanaitheacht agus ar éifeachtúlacht ó thaobh fuinnimh de.

Fuair cúigear dearthóirí garraí amaitéaracha a bhí thar a bheith éagsúil an deis gairdín a chóiriú in eastát tithíochta sóisialta i *Super Garden* (Vision Independent Productions). Trí fhreastal ar riachtanais na n-úinéirí tí, bhí na dearthóirí in iomaíocht chomh maith le háit a bhaint amach dóibh féin ag seó cáiliúil Bloom. Thug, *Zoo Live* (Moondance Productions), a fhaigheann tacaíocht ón BAI, saol an Zú i mBaile Átha Cliath chuig an scáileán i sraith de chláracha beo a craoladh ar feadh seachtaine.

Clár faisnéise ab ea *Capitol Man – Donie O'Sullivan* (Reflektor Media) inar leanadh saol an iriseora Éireannaigh, Donie agus é ag déanamh dul chun cinn ina ghairm le CNN i Meiriceá. Bhain Donie cáil idirnáisiúnta amach mar gheall ar an tuairisciú beo den scoth a rinne sé ó na círéibeacha ar Chnoc an Chaipeatóil agus é ar a dhícheall i gcónaí le 'bréagnuacht' a nochtadh.

**Sainchláracha Fíorasacha**
Craoladh rogha ollmhór de Shainchláracha Fíorasacha sa bhliain 2022, agus breis is seachtó uair an chloig d'ábhar bunúsach craolta i réimsí na heolaíochta, stair an dúlra, an cheoil, na nua-staire agus an ghnó.

Bhí *Cold Case Collins* (Loosehorse), i measc na mbuaicphointí, fadchlár dráma faisnéise inar samhlaíodh fiosrúchán nár tharla riamh – maidir leis an gcúis a bhí le bás Mhíchíl Uí Choileáin i mBéal na Bláth i mí Lúnasa na bliana 1922. Áiríodh ar ábhar staire eile is fiú a thabhairt ar aird, *Beyond the Bullets: Real Life During the Civil War* (indiepics), fiosrúchán réamh-thairsí sé chuid maidir leis an ngnáthshaol in Éirinn ó 1921 agus 1923, agus *Two Tribes* (Midas Productions), clár dhá chuid arna chur i láthair ag Seán O'Rourke a fhéachann ar bhunús agus ar an stair a bhaineann leis an bpolaitíocht in Éirinn le linn Chogadh na gCarad. Bhí podchraoladh dhá chuid déag ag gabháil leis an tsraith seo agus ba é an podchraoladh is mó a raibh éileamh air le linn na Nollag 2022.



DIY SOS: The Bigger Build Ireland



Cheap Irish Homes

Craoladh rogha ollmhór de Shainchláracha Fíorasacha sa bhliain 2022, agus breis is seachtó uair an chloig d'ábhar bunúsach craolta i réimsí na heolaíochta, stair an dúlra, an cheoil, na nua-staire agus an ghnó.



Beyond the Bullets: Real Life During the Civil War

Bhí éagsúlacht agus oideachais i gcroílár na rogha maidir le tionscadail níos conspóidí sa bhliain 2022. Clár faisnéise breathnaitheach grinn a bhí i gceist le *Growing Up in Direct Provision* (Scratch Films) maidir le saol roinnt daoine óga atá ag maireachtáil laistigh den chóras Soláthair Dhírigh. Próifíl iontach de Fiacre Ryan a bhí i gceist le *Speechless* (Firebrand Productions), fear óg uathach neamhbhriathra ó Chontae Mhaigh Eo, ar fhoilsigh Merrion Press a chéad leabhar, a bhfuil *Speechless* mar ainm air freisin, i mí na Samhna 2022. In *Vincent Hanley: Sex, Lies and Videotapes* (Mind the Gap Films), tugadh athinsint chruinn ar shaol suimiúil agus ar bhás tragóideach iar-láithreoir RTÉ a fuair bás sa bhliain 1987 mar gheall ar bhreoiteacht a bhain le SEIF agus gan é ach 33 bliain d'aois.



Growing Up in Direct Provision

Bhí an eolaíocht i lár an aonaigh arís eile i sceideal RTÉ sa bhliain 2022. Bhí Anna Daly i ról an láithreora don tríú séasúr de *Future Island* (Loosehorse/ indiepics), a craoladh thar thrí oíche as a chéile i mí na Samhna. Bhí Anna i dteannta Philip Boucher-Hayes chun an chéad séasúr de *Hospital Live* (indiepics), a chur i láthair a craoladh ó lasmuigh d'Ospidéal San Séamas i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2022. D'fhill Maia Dunphy ar an scáileán i mí Dheireadh Fómhair don tríú sraith de *What Planet Are You On?* (Vision Independent Productions) a dhíríonn ar chúrsaí aeráide agus inbhuanaitheachta.



Hospital Live

Is í Liz Bonnin a chuir an tsraith trí chuid ardleibhéil seo i láthair maidir le bunús oileán na hÉireann, *The Island* (New Decade TV). Ar ábhar eile a craoladh, bhí Músaem Stair an Dúlra, *The Dead Zoo* (Screenworks), scannán tumthach le Paul Duane agus bhí clár faisnéise le Shane Brennan maidir leis an taiscéalaí Antartach, Ernest Shackleton, *Shackleton's Cabin* (Moondance Productions), a bhí saibhir ó thaobh eagarthóireachta de, agus a bhí dírithe ar an lucht féachana idirnáisiúnta a mheall lucht féachana mór agus moladh mór ó lucht léirmheastóireachta.

**Cláracha Reiligiúin**

Sa bhliain 2022, craoladh ábhar reiligiúin ar RTÉ inar leanadh le machnamh, ceistiú, ceiliúradh agus ar mhíniú a thabhairt ar ról an reiligiúin agus na spioradáltachta i sochaí na hÉireann.

Sa bhliain 2022, craoladh ábhar reiligiúin ar RTÉ inar leanadh le machnamh, ceistiú, ceiliúradh agus ar mhíniú a thabhairt ar ról an reiligiúin agus na spioradáltachta i sochaí na hÉireann.

Thug *Ireland's Dirty Laundry* (New Decade TV), sraith dhá chuid a fuair tacaíocht ón BAI, guth do mhná a bhí ina dtost le fada agus a tháinig trí uafás ionaid níochána Mhaighdiléana.

Rinne *Walled City Passion* (Gifted Live), a bhí comhchoimisiúnaithe le BBC NI agus páirtmhaoinithe ag eagraíochtaí éagsúla pobail agus eaglaise, comóradh ar an gCáisc agus chaoga bliain Dhomhnach na Fola, le dráma trasphobail nua-aimseartha de Pháis Chríost, a bhí ar siúl ar bhallaí Dhoire. Rinneadh é a bheoshruthú ar an RTÉ Player Aoine an Chéasta agus craoladh leagan a raibh eagarthóireacht déanta air Domhnach Cásca ar RTÉ One.

Tá RTÉ tiomanta i gcónaí don adhradh Críostaí le craoltaí coimisiúnaithe seachtracha ó Kairos Communications ar Lá Fhéile Pádraig, aimsir na Cásca agus faoin Nollaig, lena n-áirítear, craoladh Eoraifíse ó Ard Mhacha a roinneadh ar fud na hEorpa tríd an EBU Oíche Nollag.

Bhí tionchar COVID- 19 ar chúrsaí léirithe le brath i gcónaí, agus cuireadh moill ar roinnt tionscadal a raibh coimisiúnú déanta orthu. Áirítear orthu seo, *Tukdam: The Point of Death* (Wildfire Film & TV), *Donal's Feasts, Fasts and Festivals* (Appetite Media), *A Ring and a Prayer* (Esras Films), *The Secret Peacemaker* (New Decade TV) agus *Dzogchen Beara: Dazzled by Daylight* (Lifeblood Films).



Ireland's Dirty Laundry

**Na hEalaíona agus an Cultúr**

Ar an 2 Feabhra 1922, d'fhoilsigh Sylvia Beach *Ulysses* le James Joyce i siopa beag leabhar i bPáras. D'fhonn comóradh a dhéanamh ar 100 bliain na hócáide, tháinig RTÉ agus ARTE le chéile chun mórchlár faisnéise a léiriú. Agus é bunaithe ar scoláireacht úr, tabharfaidh *100 Years of Ulysses* (Create One) cuntas ar aistear an úrscéil agus ar a ábharthacht do lucht féachana an lae inniu.

Aithnítear gurb é Brian Friel duine de na drámadóirí ab fhearr dá raibh againn sa 20ú haois. Agus agallamh á dhéanamh den chéad uair lena bhean chéile, Anne, agus rochtain uathúil againn ar a chomhfhreagras príobháideach, féachann *Brian Friel – Shy Man, Showman* (Walk On Air Films) leis an meascán d'áiteanna, daoine agus imeachtaí a mhúnlaigh an fear agus a chuid drámaí a ghabháil.

Is óid d'ealaín na hamhránaíochta agus do chumhacht sheasmhach na hamhránaíochta é *Songs of the Open Road* (Harvest Films), clár faisnéise faoi Thomas McCarthy, amhránaí mór le rá de chuid an Lucht Siúil. Tá McCarthy ar dhuine de na hamhránaithe traidisiúnta is spreagúla agus is tochtmhara dá bhfuil againn sa lá atá inniu ann agus guth láidir lán le carachtar agus áilleacht aige.

Sa chlár faisnéise fada *Míchéal ó Suilleabháin: Between Worlds* (Red Shoe Productions), déantar scrúdú ar shaol agus ar oidhreacht dhomhanda an cheoltóra agus an chumadóra.

Is éard atá i gceist le *A Note for Nature* (Crossing the Line Productions) ná ceiliúradh a dhéanamh ar fhiadhúlra na hÉireann agus gairm chun gnímh a thionscain. Le linn uair an chloig, casfaimid le daoine iontacha a bhfuil saol tugtha acu do dhúlra na hÉireann atá ag meath a chosaint. Le cheol ó Cheolfhoireann Coirme RTÉ agus ceol den scoth ó shárcheoltóirí, taispeántar roinnt de na háiteanna fiáine is leochailí in Éirinn agus na hainmhithe atá faoi léigear atá ag maireachtáil ar bhealach éigin sna háiteanna seo. Déanann Christy Moore, Clare Sands & Susan O'Neill, Alannah Thornburgh, Niamh Regan, Maria Doyle Kennedy, Iarla Ó Lionáird, This Is How We Fly agus Tolü Makay píosaí cumhachtacha ceoil agus amhránaíochta a chruthóidh ceangal le hiontais fiadhúlra na hÉireann.

In *Tommy Tiernan's Epic West* (Crossing the Line Productions) déantar cur síos ar scéal Iarthar na hÉireann tríd an gcultúr saibhir a bhí ina ábhar inspioráide ag an gclár. Agus é san áit a dtugann sé an baile air, taistealaíonn Tommy ceann de chóstaí is iontaí an domhain, agus tugtar lán na súl don lucht féachana ar an turas seo ar oidhreacht shaibhir na hÉireann mar aon le blaiseadh de spiorad uathúil iarthar na tíre. Is iniúchadh atá sa tsraith ghreannmhar agus thochtach dhá chuid seo ar thírdhreach den scoth an Iarthair agus ar an gcruthaitheacht a spreagann sé. Ó mhiotais rómánsúla go réaltacht ghéar, is turas fánaíochta trí shamhlaíocht na hÉireann agus gach a bhaineann leis é *Tommy Tiernan's Epic West*.

Sa chlár *Clodagh* (Curious Dog Films), díríodh ar an dearthóir ceannródaíoch Éireannach atá ar dhuine den 100 dearthóir intí is fearr ar domhan ó na 1960idí. Tá Clodagh, atá ag maireachtáil agus ag obair i Nua-Eabhrac le 40 bliain anuas, i mbarr a réime faoi láthair agus tugtar aitheantas di mar dhuine de na dearthóirí intí is rathúla i Meiriceá. Insealbhaíodh Clodagh i nDámhachtain na Laoch don Dearadh agus tá cáil bainte amach ag Clodagh Design mar gheall ar an obair atá déanta acu i spánna, óstáin agus i dtithe príobháideacha ar fud an domhain. Is léargas thar a bheith spéisiúil atá sa scannán seo ar shaol Clodagh agus ar a gairm bheatha ar leith agus ar an obair neamhghnách a dhéanann sí.

In *Francis Bacon: The Outsider* (Mount Venus Productions), tugtar eolas i ndialann ar chuid de shaol Francis Bacon nach rabhthas againn riamh. Chuaigh Adam Clayton ó U2, a bhfuil an-mheas aige ar Bacon, siar ar an turas a thug Bacon ar Éirinn sa bhliain 1929, lena chara nua agus an dialannaí Eric Allden, chun léargas nua a thabhairt ar chaidreamh Bacon lena thír dhúchais.

Tá McCarthy ar dhuine de na hamhránaithe traidisiúnta is spreagúla agus is tochtmhara dá bhfuil againn sa lá atá inniu ann agus guth láidir lán le carachtar agus áilleacht aige.



100 Years of Ulysses



A Note for Nature



Tommy Tiernan's Epic West

Sa chlár *Sebastian Barry: Family Stories* (Icebox Productions), tugann Sebastian Barry, scríbhneoir a bhfuil go leor duaiseanna buaite aige – agus scríbhneoir mór le rá i scríbhneoireacht chomhaimseartha na hÉireann – ar aistear muid a thosaíonn amach lena chúlra féin: caidreamh casta an teaghlaigh agus briseadh croí stairiúil ar an am atá caite agus an chruthaitheacht, an dóchas agus an fuinneamh is féidir le teaghlach a nochtadh.

Sa turas bóthair a rinne Miriam Margolyes agus Lynn Ruane thart timpeall na hÉireann, téitear siar ar shaol mistéireach Lady Gregory in *Lady Gregory: Ireland's First Social Influencer* (Kite Entertainment). Tugtar léargas nua san eipeasóid dhá uair an chloig seo ar bhean ábalta, thiomanta agus chasta, a ndeachaigh a cuid oibre agus tionchair i bhfeidhm ar an saol polaitiúil agus ar shaol liteartha na hÉireann ach a ndéantar dearmad uirthi go minic mar gheall ar dhaoine mór le rá a bhíodh ag cur fúthu ina teach go minic.


Lady Gregory: Ireland's First Social Influencer

Tugtar léargas ar an líon mór clubanna leabhar atá ar fud na tíre againn in *Page Turners* (Vision Independent Productions), clár faisnéise nua ceithre chuid, chun vox-pop ceart a fháil ar smaointe agus ar mhothúcháin daoine in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Tugtar léargas ar an líon mór clubanna leabhar atá ar fud na tíre againn in *Page Turners*, clár faisnéise nua ceithre chuid, chun vox-pop ceart a fháil ar smaointe agus ar mhothúcháin daoine in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Tugtar léargas in *Untameable* (Averner Films) ar an aighneas atá á tharraingt riamh ag portaigh na hÉireann: is ceart dúchais do roinnt daoine na portaigh agus is críoch nach féidir a cheansú iad do dhaoine eile. Ach i bhfilíocht Seamus Heaney, thug siad léargas dúinn maidir le cé muid féin i ndáiríre. Anois, agus neamhchinnteacht ann go dtiocfaidh tailte portaigh slán, déanann Colm Tóibín iarracht saothar Heaney agus saothar ealaíontóirí eile a raibh na portaigh ina n-inspioráid acu a athoscailt agus béim as an nua á cur aige ar an gcaidreamh atá againn leis an nádúr agus na hathruithe atá i ndán dúinn.

Sa tsraith bhreathnaitheach shiamsaíochta *Face the Music* (Animo TV Productions), b'ionad thar a bheith oiriúnach a bhí i gCeol-Acadamh Ríoga na hÉireann chun sárchumas ceoil na mac léinn agus an t-áthas a mhúsclaíonn an ceol a chur inár láthair. Leanfaidh *Face the Music* roinnt mic léinn agus múinteoirí san RIAM ar feadh bliana, bliain lena mbainfidh iomaíocht fhíochmhar, brú ollmhór, taibhléirithe den scoth agus nochtadh foirgneamh nua as an bpíosa.


Storyland - Every Five Miles

Taispeántar míreanna lena mbaineann tábhacht stairiúil agus chultúir atá scaipthe fud fad na tíre ach atá á mbainistiú go sábháilte laistigh de mhúsaeim na hÉireann in *Hidden Treasures* (Bo Media). Déantar cur síos sa tsraith faisnéise trí chuid seo ar na scéalta atá taobh thiar de roinnt den 4 mhilliún mír den scoth atá coinnithe agus ar scéal na ndaoine atá á gcoinneáil sábháilte.

**RTÉ2**

Tugtar an deis do scríbhneoirí, do stiúrthóirí agus do léiritheoirí a bhfuil gealladh fúthu le *Storyland* dráma iomlán a scríobh gan brú a bheith orthu comhpháirtithe idirnáisiúnta a aimsiú. Tá an fiontar á chómhaoiniú ag RTÉ agus ag Fís Éireann. Sa bhliain 2022 roghnaíodh trí scannán ó bhreis is 200 iarratas agus taispeánadh iad den chéad uair ar RTÉ2 agus ar an RTÉ Player. Bhí *Mustard*, *Balor Hall* agus *Every Five Miles* ar an scáileán sa bhfómhar agus moladh go hard na spéire iad agus tá roinnt de na daoine a bhí ag obair ar na scannáin seo imithe ar aghaidh anois chun oibriú ar mhórshraith dhrámaíochta.

Tá tallann ghrinn nua a fhorbairt ina saintréith ag RTÉ2. Sa bhliain 2022 thug *No Worries If Not* roinnt de na fuirseoirí is mó le rá sa tír, a bhfuil lucht leanúna suntasach acu cheana féin ar ardáin meán sóisialta, chun na teilifíse. D'fhill an seó, *Clear History*, atá bunaithe ar phainéal, don dara sraith. Chuaigh RTÉ i bpáirt le Fís Éireann chun forbairt a dhéanamh ar roinnt scripteanna grinn agus leanfar leis an obair forbartha seo sa bhliain 2023.


Clear History

Leanadh sa tsiamsaíocht fhíorasach le sraith eile de *First Dates Ireland* ar éirigh thar barr arís leis. San fhormáid nua Éireannach, *Takeaway Titans*, bhí trí ghnólacht beir leat in iomaíocht gach aon seachtain ag iarraidh áit a bhaint amach sa bhabhta cinniúnach deiridh, ag féachaint le craobh Takeaway Titan a thabhairt leo. D'fhill The 2 Johnnies ar Stáit Aontaithe Mheiriceá don tsraith nua ceithre chuid seo a raibh clár a chraoladh beo ar 2FM ó Nua-Eabhrac ina clabhsúr uirthi. Thug *Selling Ireland's Dream Homes* léargas uaillmhianach ar chuid de na tithe cónaithe is tarraingtí sa tír.

Ó thaobh ceoil de, d'fhill *Other Voices* don 20ú sraith, ó Shéipéal Naomh Séamas sa Daingean arís eile lena mheascán eicléictiúil, le roinnt de na ceoltóirí is fearr in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear, leithéidí Dermot Kennedy agus Sam Fender. Fógraíodh 'Amhrán is Fearr' agus 'Albam is Fearr' na bliana arís ar *The RTÉ Choice Music Prize*.

Tá ról ollmhór ag an spórt ar RTÉ2. Leanadh le clúdach spóirt RTÉ leis an gCraobhchomórtas Rugbaí Aontaithe (URC) sa bhliain 2022 agus chiallaigh tabhairt isteach foirne ón Afraic Theas go raibh comórtas fíochmhar ag cúigí na hÉireann. Is comhléiriú idir RTÉ agus TG4 atá i gceist leis an *URC Live*, comhpháirtíocht a chuireann deis do chraoladh saor go haer ar fáil chun dul in iomaíocht le hardáin atá ag íoc.


First Dates Ireland


Selling Ireland's Dream Homes

### Drámaíocht

Tá drámaíocht úrnua ar ais ar RTÉ2, le sraith nua de *Storyland* ag dul amach ar theilifís RTÉ den chéad uair, ina bhfuil trí dhráma ar leith, úrnua agus spreagúil. I gcomhpháirtíocht le Fís Éireann, déanann *Storyland* RTÉ coimisiúnú ar scripteanna nua lena gcraoladh ar an teilifís, go sonrach ar mhaithe le bealach chun cinn a réiteach do scríbhneoirí, stiúrthóirí agus léiritheoirí a bhfuil gealladh fúthu. Is iad Marty Fox agus Mary Thornton atá ag scríobh trí chlár den dara sraith de *Hidden Assets* i láthair na huaire, a scríobh dráma *Storyland* do RTÉ sa bhliain 2017.

Is spás forbartha ó thaobh na drámaíochta a bhí i gceist i gcónaí le *Storyland*. Léiríonn éagsúlacht na scéalta i mbliana, cumas nua as cuimse na hÉireann ó thaobh stiúrtha agus scríbhneoireachta, le trí dhráma le stíleanna agus tuineacha éagsúla, ina léirítear guthanna agus físeanna nua do lucht féachana na hÉireann. Léiríonn na scéalta éagsúla agus barántúla seo an cheird agus an bhunúlacht a choinneoidh earnáil drámaíochta teilifíse na hÉireann, atá ag fás go tapa, ag imeacht.

Is í Eva O'Connor a scríobh *Mustard* (Four Quadrant Films), scéal faoi fhéindochar, faoi stiúir Hildegard Ryan agus léirithe ag Jason Forde. Is í Ríoghnach Ní Ghrioghair a scríobh agus a bhí i mbun stiúrtha ar an úrscéal bleachtaireachta *Balor Hall* (Fantastic Films), agus is í Deirdre Levins a bhí i mbun léirithe. Is í Sinead Collopy a scríobh *Every Five Miles* (Vico Films), scéal coscrach maidir le gáinneáil ar dhaoine, is é Vincent Lambe a bhí i mbun stiúrtha agus Colmán Mac Cionnaith i mbun léirithe. Leanann RTÉ, i gcomhar le Fís Éireann, de dhaoine cumasacha nua éagsúla agus smaointe úra a aimsiú, a chur chun cinn agus dua a chaitheamh leo trí Storyland chun gairmeacha nua a chur chun cinn agus borradh a chur faoin tionscal iomlán. Is fianaise iad drámaí na bliana seo ar an infheistíocht seo.

> Tá tacú le daoine cumasacha nua maidir le greann agus iad a fhorbairt i gcroílár Ghreann RTÉ.

### Siamsaíocht, Greann agus Ceol

Tá tacú le daoine cumasacha nua maidir le greann agus iad a fhorbairt i gcroílár Ghreann RTÉ agus sa bhliain 2022 tháinig na daoine cumasacha is mó a bhfuil tóir orthu in Éirinn ó TikTok agus ó ardán eile le chéile in *No Worries If Not* (Wonky Chair Media). Chuir an seó sceitse grinn sé chuid seo ardán ar fáil ar RTÉ2 agus ar ardáin shóisialta RTÉ do dhaoine cumasacha a bhí ag teacht chun cinn agus áiríodh sceitsí mearscaipthe ó Killian Sundermann, Justine Stafford, Emma Doran, Michael Fry agus go leor eile.

Craoladh an dara sraith den seó grinn painéal-bhunaithe *Clear History* (Kite Entertainment) ar RTÉ2. Sraith a raibh formáidiú déanta air a bhí i gceist anseo a bhí á cur i láthair ag Kevin McGahern, Joanne McNally agus Jason Byrne, ina bhféadfadh aíonna cás a dhéanamh chun rudaí a tharla dóibh san am atá caite agus a bhfuil náire orthu fúthu a ghlanadh as cuimhne na ndaoine.


Storyland - Mustard

Cé go leanann RTÉ de thacú i gcónaí le hábhar grinn na hÉireann agus ó thaobh ábhar a bhfuil script leis agus ábhar nach bhfuil script leis araon agus á fhorbairt, rinneadh forbairt leanúnach in 2022 ar roinnt sraitheanna nua grinn a bhfuil script leo, go leor acu i gcomhpháirtíocht le Fís Éireann. Leanfar leis an bpróiseas forbartha in 2023.

D'fhill *Other Voices* (South Wind Blows) ar RTÉ2 don 20ú sraith, a raibh scannánaíocht déanta air i Séipéal Naomh Séamas sa Daingean. Tugadh an chuid ab fhearr de cheol na hÉireann chuig an lucht féachana i sraith sé chuid ina raibh roinnt de na ceoltóirí is fearr sa tír, lena n-áirítear, Dermot Kennedy agus Orla Gatland agus ceoltóirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear, Sigrid agus Sam Fender. D'fhill *The RTÉ Choice Music Prize* (Southpaw Pictures) chun ceiliúradh a dhéanamh ar na hainmniúcháin agus le buaiteoirí Albam Éireannach na Bliana (For Those I Love) agus Amhrán na Bliana (Dermot Kennedy) a fhógairt.

**Cláracha Fíorasacha Móréilimh agus Cláracha Fíorasacha Siamsaíochta**
Formáid nua baile a bhí in *Takeaway Titans* (Animo TV Productions) tráth a raibh trí ghnólacht in iomaíocht lena chéile gach aon seachtain féachaint leis an mbabhta deiridh a bhaint amach agus craobh Takeaway Titan a thabhairt leo. Bhí cúlraí éagsúla ag na cócairí a bhí san iomaíocht agus ba iad na láithreoirí cumasach nua Carl Mullan agus James Kavanagh a chuir an tsraith i láthair. Bhí cócaire mór le rá in éineacht leis na moltóirí, Dylan McGrath agus leis an láithreoir cumasach nua Suzie Lee, gach aon seachtain. In *The 2 Johnnies Do America* (Straywave Media) bhuail an bheirt bóthar arís agus thug a n-aghaidh arís ar Mheiriceá. Sa tsraith cheithre chuid seo, thosaigh an bheirt amach ar theorainn Mheicsiceo agus iad ag tabhairt a n-aghaidh ó dheas chun an chuid sin de Mheiriceá atá i bhfolach, spraíúil agus greannmhar a aimsiú, turas trí na stáit agus trí na cathracha atá i gceist anseo chun ábhar a aimsiú dá seó raidió ar 2FM agus a craoladh beo ó Nua-Eabhrac ag deireadh an turais. Lean *First Dates Ireland* (Coco Content) den ghrá a aimsiú do dhaoine singile ilghnéitheacha i mbialann *First Dates*.

Sa bhliain 2022 freisin, thug *Selling Ireland's Dream Homes* (Waddell Media) sracfhéachaint ar an taobh istigh de roinnt de na tithe is aistí, is neamhghnáiche agus is costasaí sa tír. Taispeánadh na tithe cónaithe is fearr agus is daoire atá ar díol ar fud na hÉireann, ag tógáil gach uile ní san áireamh ó thithe móra uirbeacha, díontithe galánta go palazzo stairiúil. Casadh, le linn a bheith ag féachaint ar an taobh istigh de na tithe is galánta sa tír, leis na gníomhairí atá i mbun na dtithe seo a dhíol agus cuireadh aithne ar a gcuid cliant – na húinéirí a bhfuil an t-ádh orthu a bheith ina gcónaí sna tithe mór le rá seo.

**Spórt**
Leanadh le clúdach rugbaí ar RTÉ le craoladh *URC Live* ón gCraobhchomórtas Rugbaí Aontaithe. Arna léiriú ag IRIS Productions agus arna chur i láthair ar RTÉ ag Jacqui Hurley agus ag Daire O'Brien, leanadh leis an aicsean beo go dtí deireadh shéasúr 2021/22 i mí an Mheithimh 2022. I mí Mheán Fómhair, d'fhill an seó do shéasúr 2022/23 le tiomantas leanúnach na cluichí a bhaineann le cúigí na hÉireann, sa bhaile agus as baile, a choinneáil de bheith ar fáil saor go haer.

Dhírigh *A Sporting Chance*, a craoladh ar RTÉ i mí Dheireadh Fómhair 2022, ar na saincheisteanna polaitiúla, fisiciúla agus airgeadais a gcaitheann mná dul i ngleic leo sa láthair spóirt. Bhí saineolaithe páirteach sa chlár faisnéise seo a léirigh Loosehorse agus a bhí á chur i láthair ag an iriseoir spóirt, Joanne O'Riordan, chun a gcuid tuairimí féin a thabhairt faoina bhfuil i gceist le bheith i do lúthchleasaí mná in Éirinn sa bhliain 2022.

I dtús na bliana 2022, fuair Brick Films maoiniú forbartha chun tabhairt faoi aisteoirí a roghnú do shraith ina leanfar lúthchleasaithe Oilimpeacha a bhfuil gealladh fúthu agus iad ar a dturas chuig Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha na bliana 2024.



Takeaway Titans




The 2 Johnnies Do America

Dhírigh *A Sporting Chance*, a craoladh ar RTÉ i mí Dheireadh Fómhair 2022, ar na saincheisteanna polaitiúla, fisiciúla agus airgeadais a gcaitheann mná dul i ngleic leo sa láthair spóirt.



A Sporting Chance

## An Lucht Féachana Níos Óige

Bliain iontach a bhí sa bhliain 2022 do dhaoine óga ar fud ár gcuid seirbhísí go léir. Rinneadh straitéis, digiteach ar dtús RTÉ a fhorbairt i ndáiríre sa bhliain 2022 agus táthar ag nascadh le lucht féachana anois ar fud go leor ardán agus seirbhísí ar bhealach stuama. Tá infhionntacht ríthábhachtach ina leith seo: D'oibrigh RTÉ go crua ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil pointí teagmhála leordhóthanacha ann do leanaí agus do thuismitheoirí araon le bheith rannpháirteach agus le sásamh a bhaint as ábhar. Tá seirbhísí físeáin ar éileamh ríthábhachtach don nascacht seo, agus sa bhliain 2022 cuireadh cnaipe leanaí ar fáil ar IOS don RTÉ Player. Déanfar amhlaigh ar Android sa bhliain 2023.



This is Art Club!

Lean Rannóg Lucht Féachana Níos Óige RTÉ le tabhairt go gníomhach faoi ionadaíocht a dhéanamh ar ghuth leanaí ar fud ábhar fuaime agus físeáin. Ní féidir an iomarca béime a chur ar an misean seo, mar go bhféadfadh rochtain ar mheáin seirbhíse poiblí tionchar domhain a bheith aige ar an mbealach a bhfeiceann leanaí a gcuid piaraí, ar an mbealach a dtuigeann siad iad agus ar an mbealach a gcaitheann siad leo agus ar an mbealach a ndéanann leanaí caidreamh leis an domhan atá timpeall orthu.

Tá for-rochtain ina phríomhphiléar de straitéis do Dhaoine Óga RTÉ agus sa bhliain 2022 bhí RTÉ Kids rannpháirteach i roinnt tionscnaimh Uile-Eorpacha i gcomhar leis an EBU. Ba é Feachtas #SayHi EBU Kids International Friendship an chéad fheachtas a seoladh. Tionscnamh frithbhulaíochta a reáchtáladh ar fud na hEorpa a bhí i gceist anseo agus ghlac go leor daoine páirt ann ar fud cainéil agus láithreáin gréasáin meán sóisialta agus digiteacha agus ar chainéil agus ar láithreáin RTÉ Kids. Áiríodh ar thionscnamh eile, an domhan ríomhspóirt ag obair go dlúth le Dream Space, agus leanadh d'fheabhas a chur ar an méid a bhí á cur ar fáil do dhéagóirí ar fud na hÉireann trí Éire Ildánach, Junk Kouture agus Fresh Film.




Ireland's Young Film Maker of the Year 2022

## RTÉ Kids

Rinneadh cur i láthair níos treise ar ilghnéitheacht sa bhliain 2022. Do lucht féachana RTÉ Kids, rinne Dyehouse Films méadú mór ar chomórtas náisiúnta ealaíne digití – This Is Art – trí shraith ealaíne compánach úrnua a fhorbairt, *This Is Art Club!* (Dyehouse Films), atá á cur i láthair ag Holly Pereira agus ag Shane Keeling. Tá *This Is Art Club!* ag aimsiú áit nua agus spás nua go tapa chun ceiliúradh a dhéanamh ar gach ní a bhaineann leis an gcruthaitheacht agus a bheith rannpháirteach inti.

Ag leanúint leis an téama maidir le ceiliúradh a dhéanamh ar an gcruthaitheacht, bhí sé thar a bheith spreagúil agus ina phribhléid ag RTÉ Kids comhoibriú le Junk Kouture Productions do *Junk Kouture, Dublin City Final 2022* agus le Fresh Film do *Ireland's Young Film Maker of the Year 2022* araon, chun cur i láthair agus ceiliúradh a dhéanamh ar an líon ollmhór daoine a bhfuil cumas iontu atá ag teacht chun cinn in Éirinn sa bhliain 2022.



Keep it Up

Tháinig *Keep It Up* (Macalla) amach d'aon phreab amháin ar na scáileáin. Rinneadh cíoradh agus anailís sa tsraith sé chuid seo ar chúinsí a chuireann faoi deara do chailíní sna déaga éirí as spóirt foirne. Bhí i bhfad níos mó i gceist le *Keep It Up*, a bhí á chur i láthair ag Emer O'Neill ó *Home School Hub*, ná seó teilifíse – is gluaiseacht a bhí ann.

Ba é *Ireland's Future Is Mine* (Reverist and Tamber Media) an comórtas ríomhspóirt nach raibh a shárú le fáil agus ba é an chéad cheann dá leithéid ar RTÉ. Tar éis míonna lenar bhain coimhlint – chuaigh dhá scoil – Scoil Náisiúnta Mhaigh Mhórdha, an Iarmhí agus Scoil Náisiúnta Naomh Hugh, Liatroim – san iomaíocht sa bhabhta ceannais, agus thug Scoil Náisiúnta Naomh Hugh an chraobh leo.

Sraith é *Wild Atlantic Kids* (Fubar Films) dóibh siúd go léir a bhfuil fonn taistil orthu. Lean RTÉ muintir Fortune agus iad ag déanamh an bhealaigh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Seoladh *Storybud* (Kite Entertainment) sa bhliain 2022 freisin, sraith eile a bhí thar a bheith rathúil, ina raibh síscéalta clasaiceacha a raibh casadh nach rabhthas ag súil leis iontu. Is iad Jason Byrne, Karl Harpur, Alison Spittle, Bernard O'Shea agus Sinéad Quinlan a scríobh an tsraith agus is iad Doireann Garrihy, Deirdre O'Kane, Baz Ashmawy, Bernard O'Shea agus Jason Byrne a d'aithris na scéalta do *Storybud* a bhí go hálainn agus lán le greann. Bhí cúig eipeasóid Nollag ar fáil chomh maith do Nollaig 2022.



Ireland's Future Is Mine

Tháinig roinnt sraitheanna ar ais ag deireadh na bliana 2022 de bharr éileamh an phobail. Bhí Tom Bán ar ais le sraith eile de *Bush Kids Sraith 2* (GMARSH TV). Bhí ceithre theaghlach ag dul sa seans agus iad ag foghlaim le maireachtáil san fhiántas.

Bhí Molly Rainford, aka Nova Jones, a raibh na milliúin ag féachaint uirthi ag dul an tslí ar fad go dtí babhta ceannais, *Strictly Come Dancing*, ar ais ar an scáileán mar phopréalta idir-réaltrach i *Nova Jones Sraith 2* (Jam Media).

Bhí ábhar beochana, mar a bhíonn i gcónaí, ina bhunchloch don aoisghrúpa seo sa bhliain 2022. Rinneadh cúig cinn de scannáin thochtmhara a choimisiúnú ón earnáil beochana do scannáin ghearra ar Lá Domhanda na Meabhairshláinte agus rinneadh cíoradh ar shaincheisteanna éagsúla a bhíonn ag cur as do leanaí agus iad ag iarraidh a mbealach a dhéanamh trí shaol an lae inniu (Alt Animation, Cardel Entertainment, Flickerpix, Giant Animation, Studio 9).



Storybud

## RTÉjr

Bhí an bhliain 2022 lán le sraitheanna beochana agus aicsean beo don aoisghrúpa seo.

Áiríodh ar shraith bheochana nua as an bpíosa do lucht féachana óg RTÉ, *Happy the Hoglet* (Paper Owl), inar leanadh Happy, carachtar beag a bhfuil mothúcháin mhóra aige. In *The Wee Littles* (Magpie 6 Media) chuireamar aithne ar Bitsy, Itsy, Mini, Teensy agus Jeremy Throckmorton III a thaispeáin dúinn gur féidir rudaí iontacha a dhéanamh, is cuma cé chomh beag is atá tú! Is pobal ildaite atá i gceist le *Atom Town* (Treehouse Republic) de charachtair atá bunaithe ar dhúile sa tábla peiriadach. Is sraith álainn teanga atá i gceist le *Fia's Fairies* (Little Moon Animation) ina múintear Gaeilge do lucht féachana fad is atáthar i mbun taiscéalaíochta i dtír na sí in éineacht le Fia, Ameer, Blaithín agus Cuán. In *Ray of Sunshine* (Daily Madness), casaimid leis an leanbh seacht mbliana d'aois is grianmhaire ar domhan do chóisirí tae agus eachtraí garraíodóireachta lán le spraoi, agus craolfar cláracha nua as an bpíosa ó na sraitheanna is ansa linn *Alva's World* agus *Kiva Can Do* (Kavaleer Productions).




Happy the Hoglet

Bhí *Bright Sparks* (Macalla) ar ais in Bright's Park, atá níos ildaite ná riamh, chun casadh le Séamus, Dr Tunes, Wild Guy, Clara, Mrs Owlington, Billy, Aoife agus Alpha ar thuras trína saol beochana gach aon lá agus iad ag úsáid na scileanna ar leith atá acu chun fáil réidh le rudaí atá casta, le draíocht a chruthú agus cabhrú le daoine eile, le spraoi a bheith acu agus tarrtháil a thabhairt in am an ghátair.

Nua as an bpíosa ar RTÉjr sa bhliain 2022, bhí *The Imagination Machine* (Firebrand Productions) a lean Ella, Lucy agus Blaze agus iad ag dul ar eachtraí iontacha tríd an am agus trí spás a bhuíochas do na cumhachtaí draíochta atá i leabhar speisialta agus seanbhosca cairtchláir. Ach i bhfolach timpeall ar gach uile chúinne bíonn an Dr Dotty agus Mr Fluffy Pants, agus iad ag iarraidh a bheith ag cur as dóibh.



Ray of Sunshine

Craoladh *Dizzy Deliveries* (Macalla), a fuair tacaíocht ón BAI, ar RTÉjr den chéad uair: ba é seo an chéad seó teilifíse in Éirinn do leanaí inar múineadh comharthaí 'Láimhe' do leanaí agus inár taispeánadh dóibh le hiad a úsáid. Is do leanaí réamhscoile an tsraith seo atá dírithe ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta intleachta acu. Casaimid le Joe i ngach aon eipeasóid, an fear seachadta a bhfuil cumhachtaí draíochta aige; Ozzy, an róbat atá in ann eitilt atá ag obair in éineacht le Joe agus a thugann cúnamh dó leis an ábhar atá le seachadadh; agus Aisling. Is í Aisling atá i gceannas ar Dizzy Deliveries, agus cabhraíonn sí leis an mbuíon cairde lena gcomharthaí 'Láimhe' gach aon lá. Cuideoidh Aisling freisin le gach duine chun trí phríomhchomhartha 'Láimhe' a fhoghlaim gach lá ar bhealach spraíúil agus tá sí ag iarraidh go mbeadh gach duine sa bhaile páirteach freisin!

Ba shraith álainn lán de cheol agus a fuair tacaíocht ón BAI a bhí in *Simon Says* (Meangadh Fibín) a thug an bhliain sin chun críche. Coimeádaí teach solais agus ceoltóir is ea Simon agus tá na héistphéisteanna is iontaí ar domhan le fáil sa tsraith seo agus é ar chumas ár lucht féachana a bheith ag canadh in éineacht leo freisin, pé uair a mbíonn siad ag faire.



Bright Sparks



## Lean gach stáisiún raidió de chuid RTÉ ag cruthú go láidir sa bhliain 2022, ag cur réimse breá d'ábhar raidió ar fáil don lucht éisteachta go léir i mBéarla agus i nGaeilge araon. Taobh le cláracha inmheánacha RTÉ, chuir an earnáil raidió neamhspleách raon leathan de shraitheanna agus de chláracha ardchaighdeáin faisnéise fíorasacha agus ealaíon, siamsaíochta, grinn agus cláracha do dhaoine óga ar fáil, agus léirigh gach ceann acu sárchaighdeán an ábhair ar Raidió RTÉ sa bhliain 2022.

Agus an tír ag teacht chuici féin tar éis phaindéim Covid, rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin, chuaigh muintir na hÉireann i muinín stáisiúin raidió RTÉ chun an nuacht agus cúrsaí reatha is deireanaí a fháil, chomh maith le spórt, siamsaíocht, na healaíona agus an cultúr.

Leanann ábhar ar fud stáisiúin raidió RTÉ le cláracha ealaíon, ceoil, siamsaíochta agus cultúir a chur ar fáil, ón Lyric Feature ar lyric fm a dhéanann craoladh ar chlár atá coimisiúnaithe as an nua go dtí ceiliúradh a dhéanamh ar *RTÉ Raidió na Gaeltachta 50* ar RTÉ RnaG, agus ó cheoltóirí éagsúla a bhí ina n-aíonna ar *Second Captains Saturday* go gáire breá croíúil gach aon seachtain le *Callan's Kicks*, a bhí á chraoladh ar RTÉ Radio 1 ar feadh na bliana.

Chraol RTÉ Radio 1 sraith nua cláracha, *Supercharged* ina measc, inar dhírigh an láithreoir, Anna Geary ar shláinte agus ar fholláine daoine. Áiríodh ar bhuaicphointí eile ceiliúradh ceoil trí scannán, scáileán agus teilifís na hÉireann in *The Irish Soundtrack* agus scéalta faoi thriúr ban atá neamhghnách i *My Passion, My Power*.


The Business

Bhí bliain iontach ag RTÉ 2FM agus *2FM Rising on the Road* ag dul timpeall na tíre, le cúig cheolchoirm bheo, agus taispeánadh sárcheoltóirí ceoil thraidisiúnta na hÉireann ar *Cuan an Cheoil*.


Callan's Kicks


Second Captains Saturday

Bhí bliain iontach ag RTÉ 2FM agus *2FM Rising on the Road* ag dul timpeall na tíre, le cúig cheolchoirm bheo, agus taispeánadh sárcheoltóirí ceoil thraidisiúnta na hÉireann ar *Cuan an Cheoil*. Bhí bliain thar na bearta ag lyric fm freisin, mar go ndeachaigh cláracha ar nós *New Voices, New Meanings* agus *The Cry of the Curlew* i gcion go mór ar an lucht éisteachta. Thacaigh RTÉ le raon leathan tionscadail raidió freisin a bhí á maoiniú sa bhliain 2022 faoi Scéim Fuaim agus Fís an BAI; bhain roinnt acu gradaim shuntasacha amach agus beidh tuilleadh acu á gcraoladh sa bhliain 2023.

Lean Léiriúcháin Raidió Neamhspleácha RTÉ de bheith ag cothú cláracha raidió i réimsí na healaíne, an chultúir, an ghrinn agus na siamsaíochta le cláracha a oireann do raon leathan d'ábhar spéise.

### RTÉ Radio 1

D'oibrigh RTÉ Radio 1 le haon chuideachta dhéag le linn na bliana 2022 chun leanúint de shraitheanna coimisiúnaithe a bhí ann cheana féin a chur ar fáil ach rinneadh forbairt ar chláracha nua freisin dá sceideal ar feadh na bliana.

Le linn na bliana 2022, is ar RTÉ Radio 1 a craoladh seacht gcinn déag den scór clár raidió is fearr a craoladh in Éirinn de réir figiúirí lucht éisteachta raidió ón JNLR (an Comhthaighde Náisiúnta ar Lucht Éisteachta); Bhí *The Business* (Old Yard Productions) go hard sna figiúirí seo. Féachann *The Business*, a chuireann Richard Curran i láthair, ar bhonn seachtainiúil ar shaol na hoibre, ar ghnó, ar airgead pearsanta agus ar shaol fiontraithe ag baile agus thar lear araon.

Scrúdaítear imeachtaí ar bhonn seachtainiúil ar *Callan's Kicks* (Catchy Title), a bhfuil an-tóir air, le linn a chuid sraitheanna san earrach agus sa bhfómhar, agus tugtar amharc aorach dúinn ar an méid atá ag tarlú i saol na polaitíochta, i gcúrsaí reatha, sa tsiamsaíocht agus sa spórt.

Áiríodh i sceideal an tSathairn le linn an tsamhraidh ar RTÉ Radio 1, sraith nua de *Second Captains Saturday*, a dhíríonn go speisialta ar agallaimh a chur i bhformáid nuálach agus shamhlaíoch.

Bhí an dá shraith dheiridh de *The Poetry Show* (Rockfinch) éagsúil agus cruthaitheach, ina gcuimsítear gach glúin filí ar fud na tíre. Chomh maith leis an gcraoladh seachtainiúil tráthnóna, cuireann na seónna seo cartlann luachmhar ar fáil dúinn maidir le healaíontóirí na linne agus is cuid thábhachtach iad dár sainchúram seirbhíse poiblí.

Leanann tráthnóna Dé Domhnaigh ag 6pm de bheith ina bhuaic-am craolta dár gcláracha neamhspleácha ina gclúdaítear stair, ceol, aclaíocht agus folláine. Cuirtear ábhar fíor-spéisiúil ón am atá caite a bhaineann le himeachtaí reatha ar fáil sa *The History Show* (Pegasus Media) le Myles Dungan, mar aon le guthanna agus anailís ón am atá caite freisin.

Chuir *Supercharged* le Anna Geary (OJO Productions) go mór lenár sceideal sa bhliain 2022 agus leanfar leis sa bhliain 2023. Ó scéalta pearsanta maidir le sláinte agus folláine go comhairle agus anailís a chlúdaíonn raon leathan ábhair, déantar caidreamh i ndáiríre leis an lucht éisteachta sa seó seo ar bhealach atá nuálacha agus spéisiúil.

Chuir Fiachna Ó Braonáin agus Raven Productions, *The Irish Soundtrack*, sraith nua ceithre chuid inár láthair ina ndearnadh ceiliúradh ar scéal scannáin, scáileáin agus ceol teilifíse na hÉireann ó thús na 1900idí go dtí an lá atá inniu ann. Insítear scéalta maidir le triúr ban atá neamhghnách in *My Passion, My Power*, a ainmníodh do ghradam, ón léiritheoir Aoife Kavanagh, maidir le díograis agus teacht aniar. Rinne RTÉ agus an BAI cómhaoiniú ar an dá shraith agus bhí glacadh maith ag lucht léirmheastóireachta leo.

### RTÉ 2FM

Bhí ar chumas RTÉ 2FM stíl mhaireachtála agus ceol a thabhairt le chéile sna cláracha a bhí coimisiúnaithe acu sa bhliain 2022.

Déantar cíoradh in *Life Changing Moments* (Mediatone), an dara clár i sraith gearrscéalta i bhformáidí fuaime agus físeáin, ar shaol éisteoirí RTÉ 2FM ar tháinig athrú ar a saol trí chúinsí nó de thoil. Áiríodh orthu siúd a raibh próifíliú déanta orthu ar fud seachtain de shliotáin laistigh de sheónna seachtainiúla RTÉ 2FM, Cormac, a fuair an ceann is fearr ar stadaireacht agus Ailish, a d'éirigh as a gairm bheatha sa chuntasaíocht le bheith ina fuirseoir ar a boinn.

Tar éis sraith de cheolchoirmeacha beo ar fud na tíre ar RTÉ 2FM, bhí ceol beo le fáil sa tsraith cúig chuid *Rising on the Road* (Kate Brennan Harding) le ceoltóirí Éireannacha ar liosta Rising RTÉ 2FM chomh maith le hagallaimh agus spraoi sa chúlra le Tracy Clifford agus Graham Smyth. Áiríodh Sello, Chasing Abbey agus Thumper i measc na gceoltóirí.

Bhí ar chumas RTÉ 2FM stíl mhaireachtála agus ceol a thabhairt le chéile sna cláracha a bhí coimisiúnaithe acu sa bhliain 2022.

### RTÉ lyric fm

Rinne Lyric Feature RTÉ lyric fm 21 uair an chloig de chláracha coimisiúnaithe ó naoi gcuideachta léiriúcháin neamhspleách a chraoladh sa bhliain 2022.

Cuireann *Culture File* (Soundsdoable) 56 uair an chloig de thuairiscí laethúla ar fáil d'éisteoirí RTÉ lyric fm d'ábhar ealaíon agus cultúir, chun léargas ar leith agus rochtain ar cheol, na meáin chumarsáide, teicneolaíocht, ceardaíocht, ealaín, spraoi, cúrsaí grinn, bia agus dearadh a thabhairt dóibh agus bíonn déantóirí agus cruthaitheoirí páirteach ó gach cearn den tír agus den domhan. Déantar an mhír seo a chraoladh ar *Lorcan Murray's Classic Drive* agus tugann guth do thráchtairí cultúrtha nua. Rinne painéal aíonna na sraithe seo, *Culture File Debates* a bhíonn ar siúl ar bhonn míosúil, machnamh ar chuid de na mórcheisteanna atá roimh lucht ealaíon agus cruthaitheachta le linn na bliana dúshlánaí seo. Tá láithreacht fhorleathan ar líne ag na tuairiscí laethúla agus seachtainiúla trí phodchraoltaí, SoundCloud agus Twitter.


Culture File

I measc na gclárach nua-choimisiúnaithe ar Lyric Feature sa bhliain 2022, bhí béim faoi leith ar chláracha a bhí á ndéanamh ag mná faoi mhná. Déanfaidh RTÉ lyric fm dhá chlár a chraoladh ag tús na bliana 2023 ó Claire Cunningham, Rockfinch Productions. Baineann *The First Pure Clear Place* leis an am a chaith Sylvia Plath in Éirinn agus baineann *Ellen's Walk* le dul siar ar shiúlóid a bhí imithe gan tásc gan tuairisc ar Leithinis Uíbh Ráthaigh a ndéanann an file agus neacht le Dónal Ó Conaill, Ellen Fitzsimon, cur síos air ina saothar 'Derrynane in 1832' – rinneadh coimisiúnú ar an dá chlár le tacaíocht ón BAI. Áirítear ar ghnéithe eile, Siobhan Mannion ag labhairt faoi úrscéal an scríbhneora as Luimneach, Kate O'Brien, ó lár an 20ú haois, *Mary Lavelle*, agus *Dorothea the Doozy* le Ocarina Productions maidir leis an soprán agus an file ón 18ú haois a bhfuil neamhaird déanta di agus an file Dorothea Herbert, ó Chontae Thiobraid Árann.


New Voices, New Meaning

Rinneadh coimisiúnú freisin ar shraith nua dhá chuid, *New Voices, New Meanings* (J.J. O'Shea), a leanann dhá cheoltóir déag comhaimseartha traidisiúnta agus iad i mbun léamh eile a dhéanamh ar an gceol a bhailigh Seamus Ennis i gConamara agus i nDún na nGall sa bhliain 1940 atá caomhnaithe i dTaisce Cheol Dúchais Éireann. Tá taifeadtaí nua ó cheoltóirí, lena n-áirítear, Maighread Ní Dhomhnaill, Mairéad Ní Mhaonaigh, Lillis Ó Laoire agus Neansaí Ní Choisdealbha sa tsraith freisin.

Ar bhuaicphointe luath agus tráthúil sa bhliain 2023, bhí *The Cry of the Curlew*, le Lenny Antonelli, ina ndéantar ceiliúradh ar an speiceas seo atá i mbaol trí amhráin agus litríocht agus déantar cur síos ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an Crotach a tharrtháil. Tagann an saothar seo as sraith a bhí coimisiúnaithe roimhe seo ar nós *Root and Branch* (Anja Murray), a chuireann tairseach craolacháin eile ar fáil maidir le saincheisteanna timpeallachta atá práinneach, a dtabhairt amach as cláracha a bhaineann le cúrsaí reatha amháin agus ag cur bunús cultúir níos leithne ar fáil.


The Cry of the Curlew

Soláthraíonn na cláracha, nuair a bhreathnaítear in éineacht orthu, tuairimí luachmhara ón imeall don lucht éisteachta, agus cuirtear deiseanna ar fáil ag an am céanna do lucht fuaime, do scríbhneoirí, d'ealaíontóirí cruthaitheacha, d'aisteoirí agus do cheoltóirí, lucht éisteachta nua a aimsiú ar fud na hÉireann agus níos faide ó bhaile

## RTÉ Raidió na Gaeltachta

Tá béim curtha ag RTÉ Raidió na Gaeltachta ar dheiseanna forbartha chun cur le líon na gcláracha Gaeilge ón earnáil raidió neamhspleách. Mar thoradh air sin, tá ardú tagtha ar an méid ábhar a thagann ón earnáil neamhspleách agus tá curtha go mór ag na tionscadail sin le héagsúlacht mhór na gcláracha ar an stáisiún.

Sraith ceoil thraidisiúnta is ea *Cuireadh Chun Ceoil* (Iontaobhas Fódhla) atá á léiriú agus á chur i láthair ag an gceoltóir agus ag an gcumadóir Peadar Ó Riada i gCúil Aodha, i nGaeltacht Chontae Chorcaí. Is cuid de DNA RnaG é an ceol traidisiúnta, agus tá ceangal láidir ag an tsraith seo leis an lucht éisteachta ag baile agus thar lear araon, a nascann agus a láidríonn an ceangal atá aige leis an bpobal ceoil sin.

Is ardán tábhachtach é *An Cúinne Dána* (Tristan Rosenstock) do lucht ealaíne agus litríochta na Gaeilge le blianta beaga anuas. Tá rannpháirtíocht cruthaithe ag an gclár le pobal na n-ealaíon agus bíonn ról gníomhach acu i dtaobh an méid atá ag tarlú a chur chun cinn mar aon le domhan na n-ealaíon a dhéanamh níos inrochtana don phobal i gcoitinne.

Rinneadh taifeadadh sa Spidéal ar an dara sraith de *Cuan an Cheoil* (Stiúideo Cuan), a fhaigheann tacaíocht ó Scéim Fuaim agus Fís an BAI. Sa tsraith seo chuir Liam Ó Maonlaí roinnt de na ceoltóirí is cumasaí sa tír faoi agallamh sular sheinn sé cúpla port nó sular chas sé cúpla amhrán in éineacht leo. Is minic a chloisimid ceoltóirí i mbun ceoil, ach bhíothas ábalta eolas a chur orthu chomh maith sa tsraith seo. Rinneadh an tsraith a shruthú ar líne freisin agus is féidir í a fheiceáil agus a chloisteáil ansin i gcónaí.

Ceolchoirm den scoth ó chroílár Ghaeltacht Chonamara i nGaillimh a bhí i gceist le *RTÉ Raidió na Gaeltachta 50* (Aniar TV) a craoladh beo chun ceiliúradh a dhéanamh ar chaoga bliain ar an bhfód a bheith bainte amach ag an stáisiún. Ghlac os cionn 100 ceoltóir páirt sa cheolchoirm chomh maith le Ceolfhoireann Coirme RTÉ, a chomhoibrigh leis na ceoltóirí a rinne ionadaíocht ar an nGaeltacht agus ar an bpobal Gaeilge, go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ba thionscadal tras-ardáin i ndáiríre a bhí sa tionscadal seo a craoladh beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ar líne ach rinneadh an cheolchoirm a chraoladh ar RTÉ Radio 1 freisin sna seachtainí ina dhiaidh sin. Fuair an tionscadal tacaíocht ó Scéim Fuaim agus Fís an BAI.

Áirítear ar thionscadail eile a léiríodh sa bhliain 2022 ach a chraolfar i dtús na bliana 2023, *An Stát Úr Nua* (Scun Scan Productions), sraith stairiúil maidir le bunú Shaorstát Éireann agus *Carthanacht Chlíodhna* (Cillian Ó Donnchadha), sraith gheandrámaíochta maidir leis an iomaíocht idir dhá shiopa carthanais i mbaile beag tuaithe. Táimid ag tnúth go mór leis na tionscadail seo agus le tionscadail eile ó na seánraí eile amhail drámaíocht, cláracha faisnéise, ceol agus scéalaíocht do leanaí, tá a bhformhór seo ar na bacáin faoi láthair agus déanfar iad a chraoladh sna blianta 2023 agus 2024.


Cuireadh Chun Ceoil


An Cúinne Dána

Tá béim curtha ag RTÉ Raidió na Gaeltachta ar dheiseanna forbartha chun cur le líon na gcláracha Gaeilge ón earnáil raidió neamhspleách.


Cuan an Cheoil

Bhí mórthábhacht arís i rith na bliana 2022 le comhpháirtíocht na Scéime Fuaim agus Fís de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) maidir le cláracha coimisiúnaithe ar Theilifís agus ar Raidió RTÉ.

Coimisiúnaíodh ceithre chlár teilifíse déag, a craoladh nó a chraolfar ar theilifís RTÉ, le tacaíocht ó Údarás Craolacháin na hÉireann. Is iad sin: *Atom Town*; *Blasts from the Past Sraith 2*; *Donal's Fasts*, *Feasts and Festivals*; *Face the Music*; *Francis Bacon, The Outsider*; *Funny Little Monsters*; *Hell for Leather - The Story of Gaelic Football*; *Hidden Treasures*; *I Dream in Photos*; *I Hate Christmas*; *Kerry: Stories from the Kingdom*; *Lady Gregory: Ireland's First Social Influencer*; *Marty and Liz's Big Picture Show*; *Pass It On*; *Page Turners*; *RTÉ Raidió na Gaeltachta 50*; *Seisiún*; *Simon Says*; *The Scavengers*; *The Secret Peacemaker*; *The Ultimate Playlist* agus *Urban Tails Sraith 2*.

Anuas ar na cláracha raidió a choimisiúnaigh RTÉ go díreach, coimisiúnaíodh 96 uair an chloig d'ábhar cláir ar fud seacht léiriúchán is fiche le maoiniú ó Fuaim agus Fís an BAI trí Léiritheoirí Neamhspleácha le craoladh ar Raidió RTÉ i rith na bliana 2022 agus 2023. I measc na gcláracha bhí: *An Stát Úr Nua*, *Anansi's Web*, *Brainy Ups*, *Carthanacht Chlíodhna*, *Cuan an Cheoil Sraith 2*, *Deirdre of the Sorrows*, *Dorothea the Doozy*, *Dorothy McArdle's Prison Notebooks*, *Ellen's Walk*, *For the Record*, *Fuil an Dóchas*, *Histrionix*, *Jó Johnny Joe*, *Mary Lavelle*, *Nero's Class*, *New Voices New Meanings*, *Rising on the Road*, *Scéalta*, *Sessions From Oblivion*, *The Almanac of Ireland Sraith 2*, *The Bard of Armagh*, *The First Pure Clear Place*, *The Gigantic Joke*, *The Irish Soundtrack*, *The Kids Are Alright!*, *The Live Vault* agus *The Science of Sense*.

D'oibrigh RTÉ go dlúth arís le Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun cláracha a théadh i bhfeidhm ar lucht féachana nua agus lucht féachana níos mó a choimisiúnú trí scéalta a bhfuil eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht mar bhonn acu. I measc na dtionscadal a tacaíodh leo sa bhliain 2022 bhí *Hospital Live* (indiepics), *What Planet Are You On? Sraith 3* (Vision Independent Productions) agus *Future Island Sraith 3* (Loosehorse/ indiepics). Craoladh na léiriúcháin go léir le linn na mbuaicthráthanna ar RTÉ One.

Bhí cistíocht faoi Alt 481 agus Fís Éireann ag roinnt coimisiún maidir le cláracha drámaíochta, beochana, cláracha grinn a raibh script leo agus cláracha fíorasacha. Thug RTÉ faoi chomhléiriúcháin i rith na bliana 2022 in éineacht le BBC NI, ARTE agus roinnt lucht maoinithe eile. Tugtar anailís ar an maoiniú ó fhoinsí eile ar leathanach 25.

Bhí mórthábhacht arís i rith na bliana 2022 le comhpháirtíocht na Scéime Fuaim agus Fís de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) maidir le cláracha coimisiúnaithe ar Theilifís agus ar Raidió RTÉ.



Atom Town



Future Island

# BEARTA TACA EILE

Lean RTÉ i rith na bliana 2022 de chúnamh taca a thabhairt maidir le forbairt na hearnála léiriúchán neamhspleách trí pháirt a ghlacadh sna scéimeanna forbartha, trí chainteoirí a chur ar fáil ag seimineáir do lucht an tionscail agus i gcoláistí oiliúna maidir le léiriúchán scannánaíochta agus teilifíse, trí pháirt a ghlacadh i gcomhdhálacha comhléiriúcháin idirnáisiúnta, trí chúnamh taca a chur ar fáil do léiritheoirí a bhfuil páirtnéirí comhléiriúcháin á lorg acu, agus trí bhualadh le comhlachtaí atá ag teacht chun cinn agus lón comhairle a chur ar fáil dóibh.

Déantar páirtmhaoiniú ar Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann, eagraíocht ionadaíochta na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn, trí thobhach a ghearradh maidir le buiséid léiriúcháin i ndáil le cláracha a choimisiúnaíonn RTÉ ó na comhaltaí. Is muirear an tobhach dá bhrí sin a ghearrtar go díreach ar chuntas na gCláracha Neamhspleách.

Is cumann ceirde atá in Animation Ireland a dhéanann ionadaíocht thar ceann mórchuid na stiúideonna anamúlachta in Éirinn. Cuireann RTÉ síntiús bliantúil ar fáil do Animation Ireland mar chuid den dúthracht i leith earnáil na beochana a fhorbairt.

# RIALACHAS CORPARÁIDE

Rinne RTÉ de réir an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* mar aon leis an dualgas a chomhlíonadh i ndáil le rialachas corparáideach agus oibleagáidí eile a leagtar ar an eagraíocht faoin *Acht Craolacháin 2009*, faoin *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995,* faoin *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001* agus faoin *Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éilithe) 2018*.

Tá RTÉ tiomanta maidir lena chinntiú go ndéantar an coimisiúnú ar chláracha a léirítear go neamhspleách don chraoladh poiblí ar bhealach follasach. Cloíonn RTÉ, san iarracht teacht ar chláracha teilifíse agus raidió a léirítear go neamhspleách, a gcoimisiúnú agus a n-athchoimisiúnú, le modhanna oibre atá foirmeálta soiléir, agus foilsítear iad sin lena gceadú ag léiritheoirí neamhspleácha ar láithreán gréasáin RTÉ.

D'fhostaigh RTÉ Deloitte i rith na bliana chun bearta oibre sonraithe a dhéanamh maidir leis na gnáis oibre sonraithe a bhí le cur i bhfeidhm i ndáil le hiarratais faoi chláracha teilifíse agus raidió a cuireadh faoi bhráid i rith na bliana 2022. Rinne Deloitte na bearta oibre sin agus bhíothas sásta, i ndáil leis an sampla gnóthaí a cuireadh faoi thástáil, go léiríonn an fhianaise cháipéisíochta atá ar coimeád ag RTÉ go rabhthas ag cloí leis na modhanna oibre coimisiúnaithe a bhaineann le hábhar.

RTÉ Choice Music Prize



### Achoimre ar an gCaiteachas in 2022

Bhí de dhualgas ar RTÉ faoin reachtaíocht maidir le caiteachas ar choimisiúin neamhspleácha faoin *Acht Craolacháin 2009* caiteachas de €41.0m a dhéanamh sa bhliain 2022, i ndáil le cláracha don teilifís agus don raidió. B'ionann an caiteachas iomlán a tabhaíodh i rith na bliana 2022 ar bheartaíocht coimisiúnaithe don teilifís agus don raidió le barrchostais leithchurtha RTÉ san áireamh agus €43.6m.

| Caiteachas Tabhaithe | 2022 Teilifís €'000 | 2022 Raidió €'000 | 2022 Iomlán €'000 | 2021 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas Reachtúil (Sceid. 5) | 41,340 | 1,398 | 42,738 | 43,601 |
| Caiteachas Breise (Sceid. 6) | 26 | – | 26 | (27) |
| **Caiteachas Díreach ar Chláracha Coimisiúnaithe** | **41,366** | **1,398** | **42,764** | 43,574 |
| Barrchostais Leithchurtha RTÉ | 767 | 25 | 792 | 1,115 |
| **Caiteachas ar an mBeartaíocht Coimisiúnaithe** | **42,133** | **1,423** | **43,556** | 44,689 |

